Ard-Dioplóma sna Dána (Cumarsáid Fheidhmeach) (Craoltóireacht & Iriseoireacht Raidió agus Teilifíse)

Cuirtear na mic léinn in oiriúint do mhargadh na cumarsáide trí scileanna teanga, craoltóireachta, taighde, iriseoireachta, ríomhaireachta, agus an cheird phraiticiúil a mhúineadh dóibh.

Cur síos ar an gclár
Is cúrsa oiliúna praiticiúil i scileanna raidió nó teilifíse é an tArd-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach. Is faoin mac léinn féin é rogha a dhéanamh idir an sruth raidió nó an sruth teilifíse le linn an phróisis agallaimh. Múintear na scileanna a bhaineann leis an dá mheán seo trí bhéim ar leith a leagan ar an oiliúint phraiticiúil. Ón gcéad lá, cothaítear atmaisféar inar féidir leis an mac léinn feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Cuirtear an mac léinn in oiriúint do mhargadh na cumarsáide trí scileanna teanga, craoltóireachta, taighde, iriseoireachta agus ríomhaireachta a mhúineadh dó/di. Cuirfidh an mac léinn eolas ar mhargadh na craoltóireachta trí thaithí oibre, agus beidh saineolaithe ón margadh sin mar aoiléachtóirí ócáideacha ar an gcúrsa.

Aidhmeanna & cuspóirí
Tá sé i gceist go bhfaighidh an mac léinn oiliúint phraiticiúil, trí mheán na Gaeilge, go leibhéal iontrála an mhargaidh i réamhléiriú, léiriú agus iarléiriú don teilifís nó don raidió. Ina theannta sin, cuirfidh mic léinn lena scileanna Gaeilge agus oifige agus cuirfidh siad eolas ar dhlí na meán; nithe atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an margadh.

Meáchan ECTS
60 ECTS

Ionad an chúrsa
Ionad an Acadaimh, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Riachtanais iontrála
Gaeilge líofa agus bunchéim i ndisciplín ar bith. Tá Curriculum Vitae de dhíth ina mbeadh léargas ar shaothar foilsithe nó craolta an iarrthóra. Bheadh sé inmholta portfóilió a chur ar fáil. Beidh scrúdú iontrála Gaeilge, scríofa agus cainte le seasamh chomh maith.

Iarratas ar GYA73
Déan iarratas ar líne, le do thoil, ag an suíomh www.pac.ie
D'fhéadfadh athrú teacht ar spriocdháta an chúrsa. Tá eolas cothrom le dáta faoi spriocdháta na gcúrsaí uile le fáil ar an suíomh seo a leanas www.pac.ie nó www.acadamh.ie

Spriocdháta d'iarratais:
Is bunaithe ar iarratais a bheidh faighte faoin 2 Aibreán 2010 a dhéanfar tairiscintí sa chéad bhabhta. Is ar bhonn rollach a mheasfar iarratais ina dhiaidh sin.
Tús na gCúrsaí: Meán Fómhair 2010

Ábhar an chláir (baol athraithe i gceist)

TEIDEAL AN MHODÚIL
Sruth A: Raidió 1 / Sruth B: Teilifís 1
Gaeilge 1 (Labhartha & Scríofa)
Ríomhaireacht Fheidhmeach don Chumarsáid
Dlí na Meán
Iriseoireacht 1
Gaeilge 2 (Labhartha & Scríofa)
Sruth A: Raidió 2 / Sruth B: Teilifís 2
Iriseoireacht 2
Tionscadal
Cleachtadh Oibre
Taithí Oibre / Foghlaim Phobalbhunaithe

Próiseas measúnachta
Caithfidh gach mac léinn scrúduithe scríofa agus praiticiúla a dhéanamh chomh maith le miontionscadail i ngrúpaí, cleachtadh / taithí oibre agus tionscadal pearsanta. Beidh scrúduithe ann faoi Nollaig agus i mí an Mheithimh. Ní foláir an tionscadal agus tuairiscí eile a leagan isteach roimh thús na tréimhse taithí oibre i Seimeastar II. Cuirfear iomlán na dtorthaí faoi bhráid Bhord Scrúduithe an tsamhraidh.

Critéir roghnaithe
Measfar iarrthóirí ar a gcumas Gaeilge, trí scrúdú iontrála agus ar cur i láthair ó bhéil ar an curriculum vitae, ar chaighdeán a gcéime agus ar an bportfóilió má chuirtear ceann ar fáil. Ina theannta sin, cuirfear san áireamh suim na n-iarrthóirí in ábhair an chúrsa agus oiriúnacht na n-iarrthóirí do ghairm na craoltóireachta. Beidh ar iarrthóirí dul faoi agallamh. Déantar cinneadh faoin Sruth Raidió agus faoin Sruth Teilifíse roimh thús an chúrsa. Tá discréid ag an Stiúrthóir Acadúil maidir leis an rogha seo a chur ar fáil, ag brath ar an líon mac léinn a roghnaíonn gach sruth.

Taithí oibre
Cuid lárnach den chúrsa is ea cleachtadh agus taithí oibre/foghlama sa phobal. Bíonn ar gach mac léinn cleachtadh oibre a dhéanamh ag deireadh Sheimeastar I agus bíonn orthu tréimhse ceithre seachtaine de thaithí oibre nó d'fhoghlaim phobalbhunaithe a dhéanamh ag deireadh Sheimeastar II. Féachtar leis an láthair taithí oibre a aimsiú sa Ghaeltacht nó le heagraíocht a bhíonn ag feidhmiú trí Ghaeilge, agus déantar iarracht a chinntiú go mbíonn sí dírithe ar réimse spéise an mhic léinn.

Deiseanna Fostaíochta/Gairme
I measc na n-áiteanna ar fostaíodh mic léinn de chuid an chúrsa iontu tá: RTÉ, TG4, Foinse, BBC Thuaisceart Éireann, Ros na Rún, Telegael, TV3, Magma European Scripthouse, Nemeton, Abú Media.

Táille
Seol rphost chuig fiona.nichualain@oegaillimh.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi tháillí.

"Léargas iontach ar na Meáin Chumarsáide Ghaeilge…thaitin an bhliain go mór liom."
Laura Ní Cheallaigh GYA73 2000/01. Buaiteoir ghradam IFTA, 2005

"Cuireann an cúrsa seo daoine den scoth ar fáil don mhargadh cumarsáide; daoine atá díograiseach, ábalta agus sainiúil - agus atá cruthaitheach chomh maith."
Micheál Ó Domhnaill, Léiritheoir Aifric, buaiteoir ghradam IFTA, 2008.

Fiosrúcháin

Seán Breathnach
Seoladh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
Fón: + 353 91 595 101
Facs: + 353 91 595 041
Ríomhphost: sean.breathnach@oegaillimh.ie

Tá an t-eolas atá ar an mbróisiúr seo cruinn tráth a fhoilsithe. Tharlódh, áfach, go leasófaí sonraí áirithe a bhaineann le leagan amach agus reáchtáil na gcúrsaí faoin am a gcuirfear tús leis na cúrsaí.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Guthán: 00 353 91 595 101
R-phost: sean.breathnach@oegaillimh.ie

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Ard-Dioplóma sna Dána (Cumarsáid Fheidhmeach) (Craoltóireacht & Iriseoireacht Raidió agus Teilifíse)

Cód PAC: GYA73

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009

www.oegaillimh.ie/acadamh